

## Tragóid sa Fhrainc

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi lámhach in Toulouse na Fraince. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan iarracht an leagan Béarla a fháil de na focail Ghaeilge seo thíos

1. Private Jewish school \_\_\_\_\_
2. The murderer escaped \_\_\_\_\_
3. It is reported \_\_\_\_\_
4. The police are after him \_\_\_\_\_
5. Astonishment \_\_\_\_\_
6. 50 police \_\_\_\_\_
7. Travelling \_\_\_\_\_
8. Powerful scooter \_\_\_\_\_
9. in memory of the people \_\_\_\_\_

### Ceist 2

Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad a tharla i scoil in Toulouse na Fraince agus cén cineál scoile a bhí ann?
2. Cad atá ar eolas againn faoin ghunnadóir?
3. Cad a bhí le rá ag Bairbre Ní Chiosáin faoin scéal?
4. Cad iad na heachtraí eile a tharla le seachtain anuas sa réigiún céanna?
5. Cad a dúirt Nicolas Sarkozy faoin eachtra?

### Ceist 3

**'maraíodh ceathrar'**

- (a) Cén cineál uimhreach atá i gceist leis an fhocal sa chló Iodálach thuas? Cuir Gaeilge ar na leaganacha seo thíos:

*one person, two brothers, six players, eight workers, two friends*

- (b) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an fhocal sa chló trom thuas?
- I. Éist leis an mhír arís agus scríobh an leagan ceart den bhriathar a úsáideadh sa bhosca.
  - II. Bí in ann a rá cén fáth ar úsáideadh an briathar saor nó nár úsáideadh é!

An Briathar	Aimsir chaite	Aimsir chaite – briathar saor
Maraigh		<b>maráíodh</b>
Éalaigh		
Abair		
Tosaigh		
Teith		
Maraigh		
Úsáid		
Eitil		
Iarr		

**Ceist 4** ‘...Ag a hocht a chlog ar maidin agus páistí á dtabhairt chuig an scoil...’ agus  
‘...níl aon rud eile á phlé...’

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí plé ar chúis an uraithe agus cúis an tséimhithe sna samplaí thuas.

**Ceist 5** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Conas mar a mhothaíonn tú nuair a chloiseann tú scéal mar seo?

Cén ceannfháth a bhí ag an fhear sa mhír an slad a dhéanamh, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

- |                             |                                      |
|-----------------------------|--------------------------------------|
| 1. Private Jewish school    | <i>scoil phríobháideach Ghiúdach</i> |
| 2. The murderer escaped     | <i>d'éalaigh an dúnmharfóir</i>      |
| 3. It is reported           | <i>tuairiscítear</i>                 |
| 4. The police are after him | <i>tá na póilíní ar a thóir</i>      |
| 5. astonishment             | <i>alltacht</i>                      |
| 6. 50 police                | <i>leathchéad póilín</i>             |
| 7. travelling               | <i>ag taisteal</i>                   |
| 8. powerful scooter         | <i>scútar cumhachtach</i>            |
| 9. in memory of the people  | <i>i gcuimhne na ndaoine</i>         |

### Ceist 2

1. Maraíodh ceathrar – triúr páistí agus múinteoir scoile taobh amuigh de scoil phríobháideach Ghiúdach in Toulouse, i ndeisceart na Fraince.
2. Bhí sé ar scútar dubh cumhachtach agus scaoil sé urchair le gach duine timpeall air taobh amuigh den scoil. Bhí fadhb aige leis an chéad ghunna a bhí aige ach bhí an dara gunna leis. Tá na póilíní sa tóir air go fóill.
3. Dúirt sí go bhfuil gach duine ag caint faoin scéal toisc gur ionsaí ar scoil Ghiúdach a bhí i gceist inar maraíodh páistí. Cheap sí go raibh alltacht ar gach duine. Dúirt sí go raibh gach duine an-neirbhíseach agus an-mhíchompordach ar fad. Dúirt sí chomh maith nach raibh cead ag daoine dul isteach i scoil a mic gan bualadh ar chloigín.
4. Maraíodh beirt saighdiúirí in Montauban agus saighdiúir eile in aice le Toulouse le seachtain anuas.
5. Dúirt sé gur tragóid a bhí ann don tír ar fad agus d'iarr sé ar gach scoil nóiméad ciúnais a bheith acu i gcuimhne na marbh.

### Ceist 3

#### (a) Na huimhreacha pearsanta

one person – duine amháin  
two brothers – beirt deartháireacha  
six players – seisear imreoirí  
eight workers – ochtar oibrithe  
two friends – beirt chairde

#### (b)

- (i) An aimsir chaite – briathar saor

An Briathar	Aimsir chaite	Aimsir chaite – briathar saor
Maraigh		<b>Maraíodh</b>
Éalaigh	<i>D'éalaigh</i>	
Abair	<i>Dúirt</i>	
Tosaigh	<i>Thosaigh</i>	
Teith	<i>Theith</i>	
Maraigh		<i>Maraíodh</i>
Úsáid		<i>Úsáideadh</i>
Eitil	<i>D'eitil</i>	
Iarr	<i>D'iarr</i>	

- (ii) Baintear úsáid as an bhriathar saor nuair a dhéantar rud éigin agus nuair nach luaitear cé a dhéanann an gníomh, mar shampla:

Cuireadh an madra amach – ní fios cé a chuir an madra amach!

Chuir mo bhuachaill an madra amach – tá a fhios againn cé a chuir an madra amach!

**Ceist 4**

Tá an t-urú agus an séimhiú ag tagairt siar go dtí ‘na páistí’ agus ‘aon rud’ faoi seach.

Ag tabhairt na bpaistí – na páistí á dtabhairt

(Tá urú de dhíth anseo toisc go bhfuil ‘na páistí’ san uimhir iolra.)

Ag plé rud éigin – rud éigin á phlé

(Tá séimhiú de dhíth sa chás seo toisc gur focal firinsneach é ‘rud’)

**Ceist 5**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### Eimear Ní Chonaola

Sa Fhrainc maraíodh ceathrar – triúr páistí agus múinteoir scoile – taobh amuigh de scoil phríobháideach Ghiúdach in<sup>1</sup> Toulouse, i ndeisceart na tíre. D'éalaigh an dúnmharfóir ar scútar agus tá póilíní fós á<sup>2</sup> chuardach<sup>3</sup>. Dúirt uachtarán na Fraince, Nicolas Sarkozy gur tragóid don tír ar fad a bhí in eachtra an lae inniu.

Ag a hocht a chlog ar maidin agus páistí á dtabhairt chuig an scoil ag tuismitheoirí tuairiscítear gur tháinig fear ar scútar dubh agus gur thosaigh sé ag caitheamh le chuile<sup>4</sup> duine a bhí timpeall air – páistí chomh maith le daoine fásta. Le linn don ghunnadóir a bheith ag caitheamh bhí deacracht aige le gunna amháin ach bhí an dara gunna aige. Theith sé ar scútar dubh agus tá na póilíní ar a thóir.

### Bairbre Ní Chiosáin

Tá gach duine ag caint faoi seo agus níl aon rud eile á phlé ach seo, toisc is dócha, gur ionsaí ar scoil a bhí i gceist, ar scoil Ghiúdach, scoil Ghiúdach inár maraíodh páistí, agus is dóigh liom go bhfuil alltacht ar gach duine. Agus tá gach duine, caithfidh mé a rá, an-neirbhíseach, do thug mé faoi ndeara. I scoil mo mhic<sup>5</sup> féin tráthnóna tá na doirse dúnta agus níl siad ag ligean daoine isteach mura mbuaileann tú ar chloigín, agus tá treoracha ag chuile scoil anois a bheith an-chúramach<sup>6</sup> agus cúrsaí slándála a threisiú<sup>7</sup>, so tá gach duine, cinnte, an-mhíchompordach ar fad.

### Eimear Ní Chonaola

Seo é an tríú heachtra<sup>8</sup> lámhaigh<sup>9</sup> sa réigiún le breis is seachtain anuas. Cheana féin tá leathchéad póilín ag fiosrú eachtra lámhaigh eile a tharla Déardaoin seo caite i mbaile Montauban, gar do Toulouse, inár maraíodh beirt saighdiúirí<sup>10</sup>. Maraíodh saighdiúir eile an deireadh seachtaine na seachtaine seo caite in Toulouse. Níl de cheangal i láthair na huaire idir na heachtraí ar fad ach go raibh an gunnadóir ag taisteal ar scútar cumhachtach agus go raibh na gunnaí céanna in úsáid aige agus a úsáideadh inniu. D'eitil Uachtarán na Fraince, Nicolas Sarkozy go Toulouse níos luaithe agus d'iarr sé ar chuile scoil sa Fhrainc nóiméad ciúnais a bheith acu amárach i gcuimhne na ndaoine a maraíodh.

<sup>1</sup>Moltar 'in' a úsáid roimh ainm áite nach ainm tíre é agus nach bhfuil litriú Gaeilge aige

<sup>2</sup>'dhá' a deirtear sa chaint i gcanúint Chonnachta

<sup>3</sup>'cuartú' a deirtear sa chaint go minic

<sup>4</sup>'gach uile' a mholtar sa chaighdeán

<sup>5</sup>'mo mhac' a deirtear

<sup>6</sup>'ana' a deirtear sa chaint i gcanúint na Mumhan

<sup>7</sup>'tréanadh' a deirtear

<sup>8</sup>'eachtra' a deirtear

<sup>9</sup>'lámhach' a deirtear

<sup>10</sup>'shaighdiúirí' a deirtear